

Súil le Breith

Pádraig Standún



An Chéad Eagrán 1983
An Dara hEagrán 2012
© Pádraig Standún

ISBN 978 0 898332 70 4

Gach ceart ar cosnamh. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimhré ón bhfoilsitheoir.

Clúdach bunaithe ar shaothar ealaíne le Joe Boske
Dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacaíocht airgid do Leabhar Breac



Tugann An Chomhairle Ealaíon tacaíocht airgid do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592

Bhí Paddy McEvilly pléasctha lena chuid uisce, ach bhí sé róchompóirteach le broinn dheas the na pluide a fhágáil. D’ól sé sé phionta Guinness an oíche roimhe sin, agus d’oibrigh sé an cleas a d’fhoghlaim sé as an leabhar a thug an sagart dó... Cé mhéad stoca a líonadh ar an gcaoi sin ó foilsíodh dara húrscéal MhcGahern? Níor chuir sé sin náire ná aiféala air níos mó. Chodail sé thar cionn ina dhiaidh nó gur dhúisigh meáchan an fhuail é.

Maidin Domhnaigh i mí na Nollag a bhí ann. Ní raibh poll ná prochóg ar an seanteach nach raibh an tsíon ghaoithe anoir aduaidh ag teacht isteach tríd—idir an tairseach agus íochtar an dorais, idir an fardoras agus an lindéar, idir barr na mballaí agus an seancheann iarainn. Drochghaoth chrua Shibéarach a bhí inti agus, cé nár ardaigh sí an fharraige, d’fhág sí an tslip bheag ar an taobh thoir den oileán an-chontúirteach, agus bhí maidhmeanna beaga ag lascadh anseo is ansiúd le feannadh gaoithe isteach san oscailt bheag chúng idir na carraigreacha móra.

Bhí Paddy cineál inníoch mar go mb’fhéidir go gcaithfeadh sé ghabhail amach tráthnóna. Dá n-éireodh leis an sagart a theacht anoir ón mórthír le haghaidh an Aifrinn, chaitheadh

Paddy cúnamh a thabhairt d'fhear a dheirfíre é a thabhairt soir abhaile arís. Ach b'fhéidir le Dia nach mbeadh sé in araíocht aige a theacht trasna. Ní hé go raibh rud ar bith aige in aghaidh Tom Connor, an sagart, ach ní raibh mórán fonn air aghaidh a thabhairt chun farraige i gcurach chanbháis an lá sin.

Dhéanfadh sé d'uireasa an Aifrinn freisin. Ní raibh aon suim aige ann, cé go dtéadh sé ann go rialta de ghrá an réitigh — le nach mbrisfeadh sé croí a mháthar. Ba ghearr anois go mbeadh sí isteach chuige le cupán tae agus píosa aráin, uair an chloig scrupallach roimh am an Aifrinn. Chaithfeadh sé go raibh a fhios aici nach raibh sé ag faoistin ná ag Comaoineach le trí bliana, ar a laghad. Mar sin féin, bhíodh an cur i gcéill cealgach seo ann chuile Dhomhnach. Bhrúfaidís creideamh síos i do scornach ... dá bhféadfaidís é.

Chuaigh sé amach ar an urlár de léim agus tharraing air seanbhríste gorm a chuir a dheartháir a bhí sna gardaí abhaile chuige. A bhróga scaoilte, rinne sé a bhealach amach go dtí an scioból. Mhún sé síos i seanbhuicéad *galvanize* ar chuir a mháthair iachall air a úsáid mar bhabhla leithris. Níor mhaith léi go mbeadh boladh timpeall an dorais. Nó b'fhéidir go raibh faitíos uirthi go bhfeicfeadh Mary Guiney, an tseanmhaighdean de chomharsa bhéal dorais, é.

'Ní hé go mbeadh a fhios aici cé lena aghaidh a bhfuil sé,' a dúirt sé leis féin os ard. Bhí sí chomh saonta sin ... nó ligeadh sí uirthi féin go raibh. Chuimhnigh sé ar an am a raibh lao ag an mbó nuair a dúirt sí nach n-aithneodh sí an difríocht idir bullán agus bodóg. 'Mór an trua nach raibh fear eicínt thart dhá scór bliain ó shin a thaispeánfadh di é.' Seans go raibh sí sách slachtmhar ag an am. Ní bheadh cailín i bhfad á fháil amach anois. Ach bhí siad ar fad bailithe, ina gcailíní aimsire i

mBoston, nó ina státseirbhísigh i mBaile Átha Cliath. Ní raibh mórán *time* ag a leithéidí sin do *lads* a d'fhan sa mbaile.

Bliain is fiche a bhí Paddy; é beag, leathan, a ghuailí láidir de bharr a bheith ag briseadh cloch is ag stócáil talún; gruaig dhonn chatach agus féasóg air. Bhí claonamharc ann, rud a d'fhágfadh duine ag ceapadh gur ag breathnú ar rud eicint eile a bhíodh sé agus é ag caint leat. Is iomaí duine a cheap go raibh sé ag tabhairt cluais bhodhar dó. Bhí sé ar ais sa mbaile ar an oileán anois le sé bliana, ón am ar caitheadh amach as an meánscoil é. Ní raibh sa mbaile ach é féin agus an mháthair. Bhí an t-athair cailte le fada an lá. Bhí an naonúr eile a bhí sa gcomhlúadar scaipthe, ach amháin Martha a bhí pósta ag Patcheen John leath bealaigh siar an t-oileán. Bhí deis réasúnta maireachtála acu, idir dól, phinsean na mbaintreach, roinnt iascaigh, agus fuirseadh leis an talamh crua carraigreach aolchloiche.

Bhí roinnt mhaith léite ag Paddy. Bhí sé ráite thart gur *communist* a bhí ann, go raibh an iomarca tionchair aige ar *lads* óga an oileáin, é i gcónaí ag tarraingt trioblóide faoi aon chineál oibre a chuireadh an Chomhairle Contae ná an Roinn ar bun san áit.

‘Dá mba rud é go raibh sponc ar bith ionat,’ a dúradh leis oíche amháin sa teach ósta, ‘bheifeá thall i mBirmingham ag déanamh do shaibhris ar nós na *lads* s’againne.’

‘Tá níos mó le déanamh agam le mo chuid sponc ná é a chur amach trí mo chraiceann ag cartadh trinsí i Sasana— trinsí le haghaidh cac na ndaoine móra a thabhairt chun bealaigh i bpiopaí, agus cuid againn féin á dhéanamh faoi na claíocha anseo fós,’ a dúirt Paddy.

Céard a choinnigh ar an oileán é, é greamaithe ar nós

bairnigh den charraig lom liath sin? Bhí sé soiléir go raibh an t-oileán ag fáil bháis, ach ní bhfaigheadh sé bás gan píosa troda. Bhreathnaigh sé air féin mar chic dheireanach na háite sin.

‘Go bhfóire Dia orainn. Céard atá tagtha ortsa?’ a dúirt a mháthair leis, nuair a shroich sé taobh na leapan le cupán tae agus píosa aráin. Bhí an oiread ríméid uirthi is nár chuir tiús an aráin ná cosúlacht tarra an tae isteach uirthi. Bhreathnaigh sí sean ansin sa leaba, a cuid gruaige, nach bhfaca sé stoithneach riamh, timpeall uirthi ar an bpiliúr. Bhí fuarbholadh sa seomra. Chuimhnigh sé den chéad uair ariamh go raibh sí ag éirí sean. Tháinig tocht ina scornach agus dheifrih sé amach. Cén fáth nár chuimhnigh sé ar rud eicint mar sin a dhéanamh cheana ariamh?

Bhí Marion Warde ag srannadh go hard i dtámhchodladh suaimehneach. Í ina luí ar a droim, lámh amháin trasna ar a bathais, a gruaig fhada i bhfáinní timpeall uirthi. Níor chodail sí mar sin cheana leis na blianta.

Ina luí dó in aice léi, ag caitheamh bun toitín na hoíche roimhe sin, b’fhacthas do Tom Connor, ag breathnú uirthi, go raibh sí níos dathúla ná mar a shíl sé ariamh cheana. Bhí na súile dubha lonracha dúnta, agus bhí an straidhn fhaiteach a bhíodh ina héadan díbeartha ag an suaimehneas. Tar éis bliain a bheith caite aige in éineacht léi, b’fhacthas dó gurb é seo an chéad uair a bhfaca sé ina codladh i gceart í.

‘B’in é an chéad uair, an chéad uair ar shroich mé ariamh é,’ dúirt sí an oíche roimhe sin, tar éis dóibh na hairde a shroichint in éineacht, beirt in aon cholainn amháin. Thug sí póg bhog

dó, agus thit sí ina cnap codlata. Is fada an lá roimhe sin ó chodail sí gan deoch, gan druga.

Maidin ar bith eile, bheadh fonn air fanacht sa leaba chomh fada is a d'fhéadfadh sé, ach maidin Domhnaigh, bhíodh sé ina shuí go moch i gcónaí, é neirbhíseach faoin tseanmóireacht a bhíodh le déanamh aige. B'fhacthas dó an oíche roimhe sin go raibh an píosa cainte a bhí réitithe aige réasúnta, ach cén chaoi a mbreathnódh sé faoi sholas an lae? Bhí deacracht aige leis an tseanmóireacht mar is í an Ghaeilge a labhraítí ar an oileán; Béarla sa Village, an áit ba ghaire dóibh ar an mórthír, agus bhí sé mar ghobadán ag freastal ar 'chaon áit acu.

Thaitnigh an Ghaeilge leis, agus bhí sé ag iarraidh í a thabhairt leis go maith, ach bhí a fhios aige gur mó an tuiscint a bheadh ag daoine ar Bhéarla ná ar dhroch-Ghaeilge. Dá labhródh sé Béarla ar an oileán, choillfeadh lucht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath nó i Maigh Nuad é, cé gur beag an strus a chuirfidís orthu féin le cúnamh a thabhairt dá leithéid. Bhí cuid den locht air féin nach raibh sé réitithe níos fearr le haghaidh paróiste a raibh a leath sa nGaeltacht, ach ní raibh am aige mar mhac léinn le dhul chuig an nGaeltacht. B'éigean dó na laethanta saoire a chaitheamh ag obair i Sasana lena bhealach a íoc tríd an gColáiste.

Chuaigh sé síos go dtí an chistineach agus las sé an gás. Chuir sé air an citeal. Bhreathnaigh sé amach ar an maidin agus é ag níochán a bhéil i ndiaidh an taois fhiacal. An mbeidís in ann é a thabhairt trasna? Ní raibh an fharraige ag breathnú ródhona. Chuir dhá chnoc an oileáin, amuigh ar bhruach na farraige, brollach mná i gcuimhne dhó—cíoch amháin óg lán; an ceann eile sean seargtha. Sa ngleann eatarthu atá an beagán de thalamh méith agus an leathchéad teach, nó mar sin, atá ar

an oileán. Tugann na leabhair thíreolais ‘Na Staic’ air, ach níor thug muintir na háite aon ainm ariamh air ach ‘an tOileán’.

B’fhacthas dó go mba chosúil le hoileán ann féin an Village freisin, é suite i bpóca beag talún agus fásach mór lom aolchloiche ag síneadh amach uaidh, suas le fiche míle ar gach aon taobh de. Bhí sé in ann an chúig mhíle fhichead de bhóthar corrach casta idir an Village agus an saol mór sa gcathair a shamhlú dó féin go soiléir. Thagadh an bus amach faoi dhó sa tseachtain; cúig nó sé de charranna a bhí san áit. Uair sa tseachtain a thagadh na hoileánaigh i dtír ina gcuid curacha ag siopadóireacht.

Cé go gcónaíonn siad le taobh na farraige, ní fhéadfá a rá go maireann aon phobal acu ar an bhfarraige. Níl caladh foscúil ag ceachtar acu, agus níl deis aon bhád a úsáid ach an churach, ar féidir í a leagan suas ar thalamh tirim. Tógtar roinnt gliomach sa samhradh, faoi na hailltreacha ó dheas den bhaile, agus corr-ronnach, nuair a bhíonn siad thart. Ach níor déanadh aon iascach ó lár na dtríochaidí, mar a dhéantaí samhradh agus geimhreadh sa tseanaimsir sular thug De Valera amach an dól.

D’airigh sé é féin mar an ceangal ba mhó idir an dá phobal. Bhíodh air a dhul soir is anoir sa gcurach gach uile Dhomhnach le haghaidh an Aifrinn, ach amháin nuair a bhíodh an aimsir go fíordhona. Bhíodh ar gach comhlúadar an sagart a thabhairt trasna, de réir a dturn. Gháir sé nuair a smaoinigh sé nach mar gheall ar aon bhua faoi leith a bheith aige i gcúrsaí teangan, ná scil ag plé le farraige a roghnaítear sagart don phost sin. Braitheann sé go minic ar cé atá ar fáil ag an am, nó — tá sé ráite — an té a dteastaíonn smacht a chur air.

Chorraigh Marion agus lig sí osna nuair a thug sé isteach an tae. ‘Cén t-am é?’

‘Níl sé ach leathuair tar éis a hocht. Féadfaidh tú fanacht sa leaba ar feadh an lae inniu. Ní bheidh mé anseo le súil a choinneáil ort.’

‘Suigh síos in aice liom.’

‘Ní fhéadfaidh mé. Tá deifir orm inniu. Caithfidh mé mo chuid caorach a bheathú.’

‘Tú féin is do chuid caorach, a reithe bhradach!’

‘Caithfidh mé imeacht anois.’

‘Á! Nóiméidín beag amháin. Ní fheicfidh mé arís thú go ceann dhá lá. Ní bheidh tú ar ais go dtí tráthnóna amárach?’

‘Caithfidh mé fanacht thiar anocht... le cothrom na féinne a thabhairt do mhná an oileáin freisin.’

‘Má bhreathnaíonn tú, fiú amháin, ar dhuine acu...’

‘Níl aon dochar breathnú ar an *menu*.’

‘An lá a mbeidh tusa sásta leis an méid sin...’

‘Bhí mé sásta leis go dtí gur casadh tusa orm.’

‘Nach bhfuil an t-ádh leat, castáil le mo leithéidese?’

‘Nach bhfuil, dáiríre?’

‘Á-á-á! Chodlóinn seachtain!’

‘Sin rud nua.’

‘Níor airigh mé chomh maraithe tuirseach leis na blianta.’

‘Codail leat anois, agus lig do scíth.’ Phóg sé í.

‘Nach tú atá ag iompú amach i d’fhile i do sheanaois?’

‘Ní mé féin a chum é. Is as an Soiscéal an líne sin. Íosa Críost a dúirt leis na haspail é, nuair nach raibh siad in ann fanacht ina ndúiseacht in éindí leis i nGairdín Gheitséamainí. Sin í an líne sa scríoptúr a thugann leithscéal d’Easpag agus do shagairt a bheith leisiciúil.’

‘Ná bí ag brú scríoptúir orm, a bhastaird.’

‘Bí cúramach, nó is rud eicint eile a bheas mé a bhrú ort.’

‘A leithéid de chaint bhrocach ... ó shagart.’

Tharraing Marion éadaí na leapan suas ar a cloigeann. Chuir Tom a láimh faoin bpluid agus chuir dinglis ina cosa. ‘Focáil leat’ a d’fhógair sí, ag sciotaíl.

‘Póigín bheag amháin, sula ngabhfaidh mé amach; póigín bheag amháin?’

‘Abair paidir dom. Deir siad go n-éisteann sé le peacaigh.’

‘Peacach. Is mise an peacach.’

‘Ná déan dearmad ar an bpaidir.’

‘Ní dhéanfaidh.’ Chaith sé póg léi agus d’imigh.

Ar a bhealach go dtí an séipéal dó, bhí sé ag cuimhneamh ar an gcéad uair ar casadh air í, i gKentish Town, i Londain. Bhí siad beirt in ionad cabhrach le haghaidh lucht óil agus drugaí. Deireadh na seascaidí a bhí ann. B’ábhar sagairt eisean ag an am, é ag déanamh obair dheonach ag an deireadh seachtaine tar éis dó na laethanta eile a chaitheamh ag obair ag an nGreen Murphy, amach as stáisiún traenach Chamden Town. Ag iarraidh *heroin* a thabhairt suas a bhí Marion ag an am. Chuimhnigh sé go mba dheacair dó a chreidiúint go bhféadfadh cailín óg dathúil ó Iarthar na hÉireann a bheith sa gcruachás sin.

Cé gur sa gceantar céanna mórán i gContae Mhaigh Eo a tógadh an bheirt acu, ba mhór an difríocht a bhí eatarthu ó thaobh cúlra de. I dteach *council* sa mbaile mór a tógadh Marion, bhí a hathair tugtha don ól, a máthair go dona le *nerves*. Faoin tír a tógadh é féin, le haint agus uncail leis nár phós ariamh, tar éis dá athair agus dá mháthair bás a fháil i dtimpiste. Ní raibh airgead fairsing, ach bhí an talamh acu, a gcuid fataí agus a gcuid glasraí féin, agus corrchearc nó muc le marú. Ní fhaca sé lá ocrais ariamh, agus taobh amuigh den am

a chaith sé i scoil chónaithe, ní fhéadfadh sé cuimhneamh ar thada ach sonas agus sástacht ina óige.

Bhí an bheirt acu cúthail ach, ar nós go leor nach iad, thuig siad féin a chéile. Ba ghearr go raibh siad an-mhór le chéile. Théidís trí shráideanna Londan ag bailiú suas aráin a bhí fágtha d'fhuilleach ag na báicéirí. Théidís ag lámhacán isteach is amach faoi bhoird an mhargaidh i Queens Crescent, ag bailiú suas trátaí pléasctha agus fataí strae, á dtabhairt abhaile le haghaidh an *soup* a bhíodh i gcónaí ag fiuchadh ar an tine. Théidís suas tráthnóna go dtí linn snámha mór Swiss Cottage, áit a mbíodh spraoi agus spórt acu ag stealladh uisce agus ag rith rásaí lena chéile. Lá amháin rug sí ar láimh air ag dul trasna sráide, agus uaidh sin amach b'in é an cleachtadh a bhí acu.

Nuair a tháinig sé ar ais oíche amháin bhí Marion imithe. Bhí sé suas le deich mbliana sular casadh ar a chéile arís iad. Bhí an chuid eile ag magadh faoi, ag fiafraí cén fáth a mbéigean di imeacht chomh sciobtha, agus céard a dhéanfadh sé dá huireasa. Ní raibh a fhios aige an ndeachaigh sí ar ais ar na drugaí, ar imigh sí le fear eicínt, nó — an rud a raibh sé beagnach cinnte de — ar imigh sí le nach gcuirfeadh sí isteach ar a ghairm sagartóireachta?

B'fhéidir gur tógadh as an mbealach í d'aon ogham len é a choinneáil ar bhóthar cúng díreach na haontumha. Is beag a chreid sé féin sa gcineál sin *deus ex machina*, ná a bheith ag cur gach rud síos do 'thoil Dé' ach an oiread, ach ní raibh sé dochreidte ar fad go bhféadfadh a leithéid a bheith ann. Cén fáth nár ligeadh i gcathú go dtí sin é — nó an é go raibh sé sách láidir i gcónaí gan géilleadh? Ag dul de réir na loighce sin, d'fhéadfá a rá gurbh é toil Dé é gur casadh ar a chéile arís iad.

Ach b'ionann sin agus a rá nach raibh i nDia ach fear puipéad, agus nach raibh saoirse ar bith ag an duine.

Is minic a shiúil sé sráideanna an cheantair, nó a thóg sé bus a 24 síos tríd an gcathair, féachaint an raibh aon seans aige an cúl dubh gruaige sin, an cóta corda, an choiscéim fhada a fheiceáil arís. Shiúil sí, arís is arís eile trína chuid smaointe agus brionglóidí i halla fada Mhaigh Nuad.

Chónaigh Bríd Hughie sa teach ab fhaide siar ar an oileán, leath bealaigh suas an Chruach Theas, áit a raibh radharc álainn ar an bhfarraige agus í ag briseadh isteach ina cūr bán ar charraigreacha agus ar ailltreacha. Bhí Bríd cheithre bliana agus cheithre scór. Níor phós sí ariamh. Ní raibh léamh ná scríobh aici. Ní raibh Béarla ar bith aici. Ní raibh aon raidió aici, agus ní fhaca sí teilifís ariamh. Chomh fada siar is a chuaigh cuimhne na ndaoine, breathnaíodh uirthi mar bhean a bhí 'beagáinín aisteach'. Is iomaí duine a bheadh sásta dul isteach le cúnaimh a thabhairt di, ach rinne sí sách soiléir é nach raibh fáilte roimh dhuine ar bith ach roimh an sagart leis an gComaoineach Naofa ar an gcéad Aoine den mhí.

Théadh sí amach anois is arís ag lorg cuideachta. Théadh sí isteach i dteach eicínt, áit a suíodh sí in aice na tine. Tharraingíodh sí a cuid sciortaí fada dearga timpeall ar a glúine, agus d'fhanadh sí uaireanta an chloig ag caint nó ag insint scéalta do na gasúir. Bhreathnaigh gasúir uirthi mar a bhreathnóidís ar mhadra nach raibh le trust, a bheadh an-mhór leat inniu, ach a bhainfeadh an lámh díot amárach. Bhíodh *lads* óga ag baint aisti, agus ag magadh fúithi, ag feadaíl taobh istigh de na claíocha agus í ar a bealach mall chuig an siopa. Ach bhí faitíos

orthu dul in aice léi. Is beag nár mharaigh sí duine de na Raghallaigh, le maide, lá ar baineadh tuisle as tar éis dó a bheith ag glooch ainmneacha uirthi.

Ag a naoi a chlog an mhaidin Domhnaigh sin, bhí sí dúbailte ar an leaba le pian uafásach ina cliabhach. Bhí sí an-fhuar agus bhí meabhrán aisteach ina cloigeann. An méid éadaigh a bhí sa teach aici, bhíodar os a cionn sa leaba. Ghoill an fuacht agus na pianta chomh mór sin uirthi nach raibh sí in ann éirí leis an tine a lasadh. Tháinig an fuarallas amach trína craiceann agus í reoite. Bhí sí ag fáisceadh agus ag scaoileadh, ag fáisceadh agus ag scaoileadh na pluide féachaint an maolódh an phian. Thosaigh sí ag sianaíl ach ní raibh aon duine ag éisteacht.

B'fhacthas di ag an am, fiú, go raibh rud eicínt mícheart leis an ronnach goirt a d'ith sí an oíche roimhe sin. Chaithfeadh sé gurbh é sin a rinne an damáiste mar ní raibh rud ar bith eile ite aici le dhá lá. Céard eile a d'fhéadfadh sí a ithe? Bhí an cáca deireanach ite síos go dtí an crústa íochtarach ag na francaigh. Ní fhaca tú mórán de na comharsana nuair a theastaigh siad uait, cé go raibh siad faoi do chosa sula raibh an talamh saighneáilte. Bhí sí leis na míle mallacht a chur ar Phatcheen John, mac a deirfire ar shaighneáil sí an talamh dó, ach rinne sí dearmad arís air chomh héasca céanna...

Cailín óg a bhí inti arís, sa gcurach in éindí lena hathair. Bhí ronnach ag cur na gcor de ina lámha go dtí gur shéalaigh sé. Ar bhealach aisteach eicínt cheap sí go mb'fhéidir go raibh an ronnach a d'ith sí ag baint díoltais amach as an gceann eile. B'fhacthas di í féin a bheith ina cailín óg súpláilte, cóta dearg ceangailte suas timpeall a básta, agus í ag iompar cliabh feamainne as an taoille le haghaidh na ceilpe. Bhí Michael ansin freisin, stócach ard, comhaois léi féin. 'Sé a thug cúnamh di

féin agus dá máthair nuair a bádh a hathair as an gcurach agus é ar an mbealach abhaile ón Village tar éis an cheilp a dhíol. ‘Poitín’ a dúirt na daoine i gcogar. Ní dhearna Bríd aon lá scoile ina dhiaidh sin.

Ba iad na laethanta ab fhearr dá saol iad. Bhí sí seacht nó hocht mbliana déag agus shiúladh sí féin agus Michael suas ar an gCruach Mhór ar an Domhnach, nó shuidís le chéile ar an bhfraoch. Chaitheadh sé go raibh an sagart ag faire orthu. Tháinig sé orthu lá amháin, a lámha timpeall ar a chéile acu. Dúirt sé go gcaithfidís pósadh chomh luath agus ab fhéidir.

D’iomraigh Michael amach chun na mórthíre an oíche sin, agus rinne sé a bhealach as sin go Meiriceá. Deir siad gur cailleadh cúpla bliain ó shin i mBoston é, go raibh mac a mhic sna sagairt. Bhí sí léi féin sa teach beag ceann tuí sin ó cailleadh a máthair, trí scór bliain roimhe sin, b’fhéidir. Ní raibh sí ag iarraidh aon duine eile. Bhí a céadghrá imithe. Bhí an saol crua, ach mhair sí. Níor chuir gála ná farraigí arda ná an tinneas féin as di. Níor fhág sí an t-oileán ariamh.

Chonaic sí cait agus madraí ag fás suas agus ag éirí sean agus ag fáil bháis.... Faraoir nach raibh cat anois aici a dhéanfadh slad ar na francaigh.

Bhuail an phian arís í, í níos measa an babhta seo ná ariamh. Chuimhnigh sí go raibh braon poitín i dtaisce in áit eicínt. B’fhéidir go maródh sé sin an phian.

Bhí an tAifreann thart sa Village ag leathuair tar éis a naoi. Bhí an sagart, Tom Connor, ag baint éadaí an Aifrinn de nuair a buaileadh an doras. Fear an turn a bhí ann, an t-ainm a thugtar ar an gcéad fhear eile ar leis an sagart a thabhairt trasna. Tá an